


CEANGLAIS MAIDIR LE DEARBHUIE REACHTÚLA A DHÉANTAR CHUN CRÍOCHA ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014

BILEOG FAISNÉISE UIMH.20 / Márta 2019



Éilíonn forálacha áirithe d’Acht na gCuideachtaí 2014 go ndéantar dearbhuithe reachtúla a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an CRO.

1. Dearbhuithe Reachtúla a dhéantar sa Stát

De bhun Acht na nDearbhuithe Reachtúla 1938, ní mór dearbhú reachtúil a dhéantar sa Stát a dhéanamh os comhair duine díobh seo:

- (a) nótaire poiblí,
- (b) coimisinéir mionnaí,
- (c) feidhmeannach síochána, nó
- (d) aon duine a údaraitear le dlí dearbhuithe reachtúla a thógáil agus iad a ghlacadh, mar shampla aturnae cleachtach (aturnae atá i dteideal cleachtadh sa Stát).

2. Dearbhuithe Reachtúla a dhéantar lasmuigh den Stát

Tá an dlí iomchuí le fáil in alt 886 den Acht na gCuideachtaí 2014.

Forálann alt 886(1) go bhfuil aon dearbhú reachtúil arna dhéanamh in áit lasmuigh den Stát, de bhun nó chun críocha Achtanna na gCuideachtaí, measfar é a bheith déanta go bailí má dhéantar é in áit den sórt sin -

- os comhair duine atá i dteideal cleachtadh mar aturnae sa Stát faoin Acht Aturnaetha 1954², nó
- os comhair duine atá údaraithe, faoi dhlí na háite sin, duine a chur faoi mhionn san áit sin, de réir na reachtaíochta nó an fhíordheimhniithe iomchuí, a bhaineann ceanglais athraitheacha leo de réir an dlínse san áit arna dhéanamh an dearbhú, nó
- oifigeach taidhleoireachta nó consalachta na hÉireann de bhun an Achta um Oifigigh Taidhleoireachta agus Consalachta (Seirbhísí a Sholáthar) 1993.³

Ciallaíonn “Reachtaíocht” (nó “Fíordheimhniú”) an fhoirmiúlacht ina ndéantar barántúlacht an sínithe ar dhoiciméad, an cumas inar ghníomhaigh an duine ag síniú an doiciméid agus más iomchuí, séala nó stampa an duine ar an doiciméad, a dheimhniú. Mar chuid den phróiseas seo, deimhníonn na húdaráis sa dlínse inar forghníomhaíodh an doiciméad na hábhair seo chun sástacht na n-oifigeach taidhleoireachta nó consalachta na hÉireann. Deimhníonn na hoifigigh ina dhiaidh sin go bhfuil an deimhniúchán faighte acu ó na húdaráis iomchuí.

(a) Dearbhuithe Reachtúla a dhéantar chun críocha Achtanna na gCuideachtaí in aon cheann de na tíortha Choinbhinsiún CE

Tagraíonn sé seo do na tíortha atá ina bpáirtí sa *Choinbhinsiún i nDáil le Dlítheanú Doiciméad a Dhíothú i mBallstáit na gComhphobal Eorpach de 25 Bealtaine 1987*. Shínigh Éire an Coinbhinsiún seo. Is iad na tíortha eile a shínigh an Coinbhinsiún CE ná an Bheilg, an Eastóin, an Fhrainc, an Laitvia, an Danmhairg agus an Iodáil. Níl gá le haon reachtaíocht nuair a dhéantar dearbhú reachtúil in aon cheann de na dlínsí sin chun críocha Acht na gCuideachtaí 2014, os comhair duine atá i dteideal duine a chur faoi mhionn sa dlínse i dtrácht. Tá an t-aon teorannú amháin ar seo le fáil in Airteagal 4 den Choinbhinsiún a fhorálann:

“Má bhíonn móramhras, agus bunús a bheith leis, ar údaráis an Stáit inar táirgeadh an doiciméad, maidir le barántúlacht an sínithe, an cumas inar ghníomhaigh an duine atá ag síniú an doiciméid nó aitheantas an séala nó an stampa, féadfaidh siad iarratas a chur isteach go díreach le haghaidh faisnéise ón lárúdarás iomchuí, ainmnithe de réir Airteagal 5, sa Stát ónar tháinig an doiciméad.”

Ba chóir iarratais ar fhaisnéis dá leithéid a dhéanamh i gcásanna eisceachtúla amháin agus ní mór na forais ar a bhfuil siad bunaithe a leagadh amach.

¹ Acht Uimh. 38 de 2014. Féadfar an reachtaíocht seo a íoslódáil ó www.irishstatutebook.ie.

² De bhun ailt 54 den Acht Aturnaetha 1954, ciallaíonn sé seo aturnae lena (h)ainm ar rolla na n-aturnaetha, a bhfuil cead aige/aici cleachtadh, aturnae a oibríonn go lánaimseartha don Stát nó a bhfuil deimhniú cleachta i bhfeidhm ina leith.

³ Féach 2(d) thíos.

(b) Dearbhuithe Reachtúla a dhéantar chun críocha Achtanna na gCuideachtaí in aon cheann de thíortha Choinbhinsiún na Háige

Tagraíonn sé seo do na tíortha atá ina bpáirtí sa Choinbhinsiún i nDáil le Dlítheanú Doiciméad Poiblí Eachtrach a Dhíothú a rinneadh sa Háig an 5 Deireach Fómhair 1961. Mura mbíonn an dlínse ina dhéantar an dearbhú ina páirtí sa Choinbhinsiún CE ach má bhíonn sí ina páirtí i gCoinbhinsiún na Háige, ní ga ach píosa reachtaíochta amháin a fháil, i bhfoirm deimhnithe, ar a dtugtar “deimhniú fíoraithe”, stampáilte ar an dearbhú nó ceangailte leis, má bhíonn an dearbhú sínithe sa dlínse eachtrach, os comhair duine atá i dteideal duine a chur faoi mhionn sa dlínse sin, mar nótaire poiblí. Féadfar an deimhniú fíoraithe seo a fháil ón údarás inniúil ainmnithe sa dlínse i dtrácht. Níl i gceist ach an dearbhú a chur isteach go dtí an CRO chun an deimhniú fíoraithe atá riachtanach a fháil.

Nuair a bhíonn an deimhniú fíoraithe comhlánaithe go hiomlán ag an údarás inniúil ainmnithe, deimhneoidh sé go bhfuil an síniú barántúil, an cumas inar ghníomhaigh an duine atá ag síniú an dearbhaithe, agus nuair is iomchuí, an duine a chuir séala nó stampa ar an dearbhú. Ní gá an deimhniú fíoraithe féin a fhíordheimhniú.

Ní mór dearbhú reachtúil a dhéantar i dtír Choinbhinsiún na Háige (nach bhfuil ina páirtí sa Choinbhinsiún CE) a chur isteach chuig an CRO, leis an deimhniú fíoraithe, chun go nglacfar leis le haghaidh cláraithe.

Mar shampla, má dhéantar dearbhú reachtúil chun críocha Achtanna na gCuideachtaí laistigh den Ríocht Aontaithe, cur i gcás i Londain, os comhair duine a bhfuil cumhacht aige/aici duine a chur faoi mhionn sa dlínse sin (aturnae Sasanach cleachtach mar shampla), ní mór próiseas dá leithéid a fhíordheimhniú. Ciallaíonn sé seo gur gá deimhniú fíoraithe a fháil ón Legalisation Office, Foreign and Commonwealth Office, (féach <https://www.gov.uk/get-document-legalised>) (an t-údarás inniúil ainmnithe don RA) agus a chur isteach go dtí an CRO leis an dearbhú i dtrácht.

Chun liosta suas chun dáta a fháil de thíortha Choinbhinsiún na Háige agus den údarás inniúil atá ainmnithe do gach dlínse, féach http://www.hcch.net/index_en.php?act=conventions.text&cid=41

An Albáin	Andóra	Antigua & Barbúda	An Airgintín
An Arméin	An Astráil	An Ostair	An Asarbaiseáin
Na Bahámaí	Bairéin	Barbadós	An Bhealarúis
An Bheilg	An Bholav	An Bheilís	Bosnia & Heirseagaivéin
An Bhotsuáin	An Bhrasaíl	Brúine Darasalám	An Bhurúin
An Bhulgáir	An tSíle	An tSín (Hong Cong)	An tSín (Macao)
An Cholóim	Oileáin Cook	Cósta Ríce	An Chróit
An Chipir	Poblacht na Seice	An Danmhairg	Doiminice
Eacuadór	An tSalvadóir	An Eastóin	Eswatini
Fidsí	An Fhionlainn	An Fhrainc	An tSeoirsia
An Ghearmáin	An Ghréig	Grenada	Guatemala
Hondúras	An Ungáir	An Íoslainn	An India
Éire	Iosrael	An Iodáil	An tSeapáin
An Chasacstáin	An Chóiré	An Chosaiv	An Chirgeastáin
Poblacht na Laitvia	Leosóta	An Libéir	Lichtinstéin
An Liotuáin	Lucsamburg	An Mhaláiv	Málta
Oileáin Marshall	Oileáin Mhuiris	Meicsiceo	An Mholdóiv
Monacó	Montainéagró	Maracó	An Namaib
An Ísiltír	An Nua-Shéalainn	Niue	Nicearagua
Macadeonia Thuaidh	An Iorua	Oman	Panama
Paragua	An Pholainn	An Phortaingéil	An Rómáin
Cónaidhm na Rúise	San Críostóir Nimheas	San Lucia	San Uinseann agus na Greanáidíní
Samó	San Mairíne	Sao Tome e Principe	An tSeirbia
Na Séiséil	An tSlóvaic	An tSlóivéin	An Afraic Theas
An Spáinn	Suranam	An tSualainn	An Eilvéis
Táidsíceastáin	Tonga	Oileáin na Tríonóide & Tobága	An Túinéis
An Tuirc	An Úcráin	An Ríocht Aontaithe	Na Stáit Aontaithe
Uragua	An Úisbéiceastáin	Veiniséala	

Tabhair faoi deara go gcuimsíonn an Ríocht Aontaithe críocha eile, lena n-áirítear na hOileáin Cayman, Giobráltar, Oileáin na dTurcach agus Caicos agus Beirmiúda, chun críocha Choinbhinsiún na Háige. Féadfar liosta iomlán de na críocha iomchuí agus sonraí teagmhála a n-údarás inniúil ainmnithe a rochtain tríd an nasc gréasáin thuas.

(c) Dearbhuithe Reachtúla a dhéantar chun críocha Acht na gCuideachtaí 2014 i ndlínse nach bhfuil ina páirtí sa Choinbhinsiún CE nó i gCoinbhinsiún na Háige

Mura mbíonn an dlínse ina ndéantar an dearbhú ina páirtí sa Choinbhinsiún CE nó i gCoinbhinsiún na Háige, forálann alt 886(6) den Acht na gCuideachtaí 2014 gur féidir le Clárathóir na gCuideachtaí *“sula nglacann sé nó sí le haon dearbhú reachtúil a airbheartaíonn a bheith déanta de bhun, nó chun críocha, Achtanna na gCuideachtaí, agus ar dearbhú é nach bhfuil feidhm maidir leis ag forálacha Choinbhinsiún CE ná ag forálacha Choinbhinsiún na Háige maidir lena fhíordheimhniú cibé cruthúnas a mheasann sé nó sí a bheith iomchuí”* go bhfuil an síniú barántúil, an cumas inar ghníomhaigh an duine atá ag síniú an dearbhaithe, agus nuair is iomchuí, séala nó stampa an duine a thógann an dearbhú.

Tá an Clárathóir freagrach maidir leis seo as sainiúlacht an duine a ghlacann leis an dearbhú reachtúil a fhíordheimhniú, ionas gur féidir le foireann an CRO a bheith sásta go bhfuil an duine a ghlac leis an dearbhú, údaraithe faoi dhlí na dlínse eachtraí ina ndearnadh an dearbhú, duine a chur faoi mhionn san áit sin.

Ciallaíonn sé seo i ngníomh gur gá aon dearbhú reachtúil a rinneadh i dtír nach bhfuil ina páirtí sa Choinbhinsiún CE nó i gCoinbhinsiún na Háige, a fhaigheann an CRO ar údarás leanúnacha go mbaineann an síniú agus/nó an séala ar an doiciméad leis an duine a bhí mar fhinné ar an dearbhú. Mar shampla, ba chóir do na húdaráis sa dlínse ina ndearnadh an dearbhú, síniú, séala agus/nó stampa an duine a bhí mar fhinné ar an dearbhú a fhíordheimhniú ar dtús, lena n-áirítear daingniú ó na húdaráis go bhfuil an duine seo údaraithe faoina dlíthe duine a chur faoi mhionn sa dlínse sin. Ba chóir an deimhniúchán seo a stampáil mar “FEICTHE” ina dhiaidh sin ag Ambasáid nó ag Consal Oinigh na hÉireann sa tír iomchuí.

Ní féidir dearbhú bailíoch a dhéanamh, ach i gcás amháin, chun críocha Acht na gCuideachtaí 2014 i ndlínse gan Ambasáid nó gan Consal Oinigh ag Éirinn ann, toisc nach mbeidh an chuideachta nó an láithreoir in ann a chur ar fáil don CRO an fíordheimhniú atá riachtanach maidir le séala nó stampa an duine a bhí mar fhinné ar an dearbhú. Is féidir dearbhú bailíoch a dhéanamh sa chás seo a leanas: i dtír Comhlathais, gan Ambasáid nó Consal Oinigh ag Éirinn ann, ba chóir do Ghobharnóir na tíre i dtrácht, séala nó síniú an duine a bhí mar fhinné ar an dearbhú a fhíordheimhniú, ansin ba chóir an dearbhú a stampáil ag an Oifig Gnóthaí Eachtracha i Londain. Mar chríoch, ba chóir é a stampáil mar “FEICTHE” ag Ambasáid na hÉireann i Londain.

(d) Dearbhuithe Reachtúla a dhéantar chun críocha Acht na gCuideachtaí 2014 lasmuigh den Stát ach os comhair oifigeach taidhleoireachta nó consalachta na hÉireann

Féadfar dearbhú reachtúil a dhéanamh lasmuigh den Stát faoi Acht na nDearbhuithe Reachtúla 1938 os comhair oifigeach taidhleoireachta nó consalachta na hÉireann, de bhun an Achta um Oifigh Taidhleoireachta agus Consalachta (Seirbhísí a Sholáthar) 1993.

Ba chóir dul i dteagmháil ar an gcéad dul síos le ambasáid/consalachta na hÉireann don dlínse i dtrácht, má bhíonn faisnéis bhreise á lorg maidir leis seo. Tá liosta d’ambasáidí/de chonsalachtaí na hÉireann le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha – www.foreignaffairs.gov.ie.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, 80 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, má bhíonn faisnéis bhreise á lorg agat maidir le dearbhú reachtúil a dhéanamh thar lear chun críocha Achtanna na gCuideachtaí

Aire: Is nótaí ginearálta iad seo. I gcásanna sonracha, moltar duit dul i gcomhairle le do chomhairleoir gairmiúil féin, mar d’aturnae, cuntasóir nó rúnaí cairte. Ní féidir leis an CRO comhairle a thabhairt ar ghnéithe cáis. Ní féidir leis an CRO glacadh le haon dearbhú reachtúil forálacha ailt 886 den Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le proifisiúnach má bhíonn tú éiginnte ar bhealach ar bith ar conas dearbhú reachtúil a chomhlánú agus/nó a fhorghníomhú sula ndéantar é a thaisceadh leis an CRO.

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie